Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8750/1/21**
**REV 1**

**SOC 271**
**EMPL 200**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú<br>Ceapachán Sabin RUSU, comhalta don Rómáin, in ionad Adrian MARIN, atá éirithe as |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Adrian MARIN éirithe as mar chomhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann (don Rómáin).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag eagraíocht na gceardchumann CEC (Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann), don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023:

Mr Sabin RUSU
Democratic Trade Union Confederation (CSDR)
Place Walter Maracineanou 1/3
PO Box 1-788
RO - BUCHAREST
Teil.: + 40 213 102 080
Fón póca: + 40 740 038 719
Ríomhphost: sabin.rusu@eesc.europa.eu & secretariat@csdr.ro

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

(b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta

de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú (Eurofound)[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 9 Aibreán 2019[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Adrian MARIN as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag eagraíocht na gceardchumann CEC don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.
[2] IO C 135, 11.4.2019, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Sabin RUSU ina chomhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú in ionad Adrian MARIN, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán